

Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

Limerick and Clare Education and Training Board



Bord Oideachais & Oiliúna
LUIMNIGH & AN CHLÁIR

LIMERICK & CLARE
Education & Training Board

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2020

Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

Innéacs a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2020

Leathanach

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird	3
An Ráiteas ar Rialú Inmheánach	4
Comptroller and Auditor General	5
Gníomhaíochtaí agus Costais Phá.....	6
Ráiteas Oibriúcháin don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2020	7
Ráiteas ar Shócmhainní agus ar Dhliteanais Reatha amhail ar an 31 Nollag 2020.....	8
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais.....	10 - 27
Aguisín 1	28

Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ar an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Faoi alt 51 den Acht sin, éilítear ar an mBord Oideachais agus Oiliúna a choinneáil i cibé foirm agus i leith cibé tréimhsí cuntasaíochta a cheadóidh an tAire Oideachais agus Scileanna, le toiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, gach cuntas is cuí agus is iondúil ar an airgead a fhaigheann sé nó a chaitheann sé.

Nuair a bhíonn na cuntais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord seo an méid seo a leanas a dhéanamh:


- (a) na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha a chur i bhfeidhm nuair a bhíonn ráitis airgeadais BOO á n-ullmhú
- (b) breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- (c) imeachtaí ábhartha ar bith ó na caighdeáin chuntasaíochta chaighdeánacha a nochtadh agus a mhíniú

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais iomchuí a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta ag aon tráth staid airgeadais an Bhoird agus lena gcuirtear ar a chumas a áirithiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais alt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Tá an Bord freagrach chomh maith as a shócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh i ndáil le calaois nó neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Cathaoirleach: An Comhairleoir Kieran O'Hanlon

Síniú:



Dáta:

22 Márta, 2022

Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh & an Chláir

An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) Luimnigh agus an Chláir ar an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Ar an dáta sin, ghlac BOOLC freagracht as Sócmhainní, Dlíteanais agus feidhmeanna iar-Choistí Gairmoideachais Chathair Luimnigh, Chontae Luimnigh agus Chontae an Chláir. Le héifeacht ón 1 Iúil 2014, thosaigh BOOLC ag feidhmiú in ionad SOLAS, agus ghlac sé le freagracht as a shócmhainní, dlíteanais agus bainistiú ghníomhaíochtaí a chuid Ionad Oiliúna.

Tá an Cód Cleachtais do Bhoird Oideachais agus Oiliúna leagtha amach in Imlitir 02/2019, a d'éisigh an Roinn Oideachais chuig gach ionad BOO i mí Eanáir 2019. Ghlac BOOLC le Cód Rialachais 02/2019 ag an gcruinniú a reáchtáil sé ar an 26 Márta 2019.

Bunaíodh Bord nua do Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh & an Chláir ar an 2 Deireadh Fómhair 2019, agus ag cruinniú a reáchtáladh ar an 2 Deireadh Fómhair 2019, chuir an Bord críoch leis an bpróiseas a bhain le Coiste Airgeadais agus Coiste Iniúchta agus Riosca nua a bhunú.

Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach

Mar Chathaoirleach Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh & an Chláir, admhaím freagracht an Bhoird as a chinntiú go ndéanfar córas um rialú inmheánach éifeachtúil, éifeachtach agus eacnamaíoch a chothabháil agus a oibriú. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, seachas dearbhú iomlán, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí iad laistigh de thréimhse thráthúil.

Nósanna Imeachta Rialaithe Ríthábhachtacha

Tá céimeanna curtha i gcrích ag an mBord chun timpeallacht chúil rialaithe a dheimhniú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Freagrachtaí an lucht bainistíochta agus na foirne a shainiú go soiléir.
- Nósanna imeachta a bhunú chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuiriscíú agus chun a chinntiú go ndéanfar gníomh cuí.
- Córas foirmiúil bainistithe riosca a bhunú lena n-áirítear nósanna imeachta chun gach riosca a aithint agus chun meastóireacht a dhéanamh ar gach riosca a d'fhéadfadh bac a chur ar iarrachtaí BOOLC a chuspóirí a chomhlíonadh.

Tá an córas um rialú inmheánach atá i bhfeidhm in BOO Luimnigh & an Chláir bunaithe ar an méid seo a leanas:

- Nósanna imeachta riaracháin mionsonraithe
- Leithscaradh dualgas
- Údaruithe sonracha
- Seiceálacha inmheánacha
- Déanann an fhoireann bhainistíochta athbhreithniú míosúil ar thuarascálacha ina ndéantar cur síos ar thorthaí iarbhair agus buiséadaithe láir atá á reáchtáil ag BOO Luimnigh & an Chláir.

San áireamh i gCeart Maoirseachta an Bhoird tá:

Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Bord ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach bunaithe ar an méid seo a leanas:

- An Príomhfheidhmeannach atá freagrach as an gceart um rialú inmheánach.
- Moltaí ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste i litreacha nó tuarascálacha bainistíochta eile.
- Obair an Choiste Iniúchta & Riosca agus an Choiste Airgeadais.

Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Tá maoirseacht an Bhoird ar an gcóras rialaithe inmheánach bunaithe ar obair an Choiste Iniúchta agus Riosca (CIR) a tháinig le chéile sé huairé in 2020. San áireamh i gclár oibre CIR tá breithniú ar an méid seo a leanas:

- Tuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh
- Tuarascálacha iniúchta seachtraí agus litreacha bainistíochta an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (ARC & C)
- Ráitis Airgeadais Bhliantúla
- Creat Bainistíochta Riosca
- Clár Rioscaí
- Clár Iniúchta
- Tuarascáil Iniúchta Comhlíontachta
- Tuarascálacha Bainistíochta Riosca ón STFE/Príomhoifigeach Riosca

Tuairisc maidir le tuairim a chur ar fáil don Bhoird maidir le leordhóthanacht agus oiriúnacht na gcóras um rialú inmheánach





Chuir an Príomhfheidhmeannach, Stiúrthóir TFE, Stiúrthóir BO, Ceannasaí Airgeadais, Ceannasaí Acmhainní Daonna agus Ceannasaí na Seirbhísí Corparáideacha tuarascálacha ar fáil maidir le feidhmiú na rialuithe agus cúrsaí airgeadais, agus bhuaib siad leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca in 2020 agus 2021.

Rinne an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach don tréimhse thuairiscithe ábhartha ar an 22 Feabhra 2021.

Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir
Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh & an Chláir
An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

An Coiste Airgeadais

Tá maoirseacht an Bhoird ar an gcóras rialaithe inmheánach bunaithe chomh maith ar obair an Choiste Airgeadais a tháinig le chéile ceithre huair sa bhliain 2020. Áiríodh an méid seo a leanas le clár oibre an Choiste Airgeadais:

-  Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2020
-  Moladh don Bhord ó RAB 2020
-  Cuntais Mhíosúla Ioncaim agus Chaiteachais
-  Tuarascálacha Bainistíochta Riosca ó STFE agus ón Oifigeach Comhlíontachta

Thuairiscigh an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir FSE agus an Ceannasí Airgeadais don Choiste Airgeadais in 2020.

Rinne an Coiste Airgeadais athbhreithniú ar Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2020 ar an 22 Márta 2021 agus mhol an Coiste don Bhord glacadh leo.

Iniúchadh Inmheánach

Tá seirbhís um Iniúchadh Inmheánach á cur ar fáil ag an Aonad um Iniúchadh Inmheánach–Boird Oideachais agus Oiliúna (AII-BOO), a sholáthraíonn tuairim fhoriomlán faoi na réimsí a ndearnadh iniúchadh orthu. Bíonn an tuairim fhoriomlán bunaithe ar na torthaí a sainithníodh le linn an iniúchta agus is iad seo a leanas an raon tuairimí a d'fhéadfadh a bheith i gceist:

- Cuimsitheach** - tá an córas rialaithe inmheánaigh leordhóthanach agus oibríonn sé go héifeachtach
- Dóthanach** - tá an córas rialaithe inmheánaigh dóthanach i gcoitinne agus oibríonn sé go héifeachtach
- Easnamhach** - tá an córas um rialú inmheánach easnamhach agus ní oibríonn sé go héifeachtach

Rinneadh na hathbhreithnithe iniúchta inmheánaigh seo a leanas sa tréimhse ón 01 Eanáir 2020 - 31 Nollaig 2020;

Rinneadh Iniúchadh ar Chomhlíontacht Beartas i mí Lúnasa, 2020, agus cuireadh an tuarascáil chríochnaithe ar fáil i mí an Mhárta, 2021, agus cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Choiste Iniúchta agus Riosca ar an 9 Meitheamh, 2021. Ba é toradh foriomlán na tuarascála go raibh córas rialuithe leordhóthanach i bhfeidhm. Rugadh 6 mholadh ar fad - 5 mholadh mheánacha agus 1 mholadh íseal. Tá na 5 mholadh mheánacha curtha i bhfeidhm ag BOOLC agus tá an 1 mholadh íseal le cur i bhfeidhm go fóill.

Sárúithe ar an gcóras um rialú inmheánach - Soláthar

Tá BOOLC ag leanúint ar aghaidh ag obair chun a chinntiú go mbeidh a fhreagrachtaí ar fad maidir le rialacháin soláthair á gcomhlíonadh. Uaireanta bíonn earraí agus seirbhísí á bhfáil le haghaidh roinnt suíomhanna BOOLC trí phróisis soláthair iomaíocha, a chloíonn le Beartas Soláthair BOOLC, ach sáraíonn luach carnach na suíomhanna uile Tairseacha tairisceana Náisiúnta/AE.

Bunaithe ar anailís a rinneadh ar chaiteachas 2020 i réimsí a n-oireann próiseas eTenders don eagraíocht uile dóibh, tá caiteachas luach €1,582,396 (gan CBL) sainaitheanta mar chaiteachas neamhchomhlíontach mar seo a leanas:

- (i) Caiteachas luach €326,051, idir Eanáir agus Samhain 2020, i gcomhair Fruiliú Bus do gach scoil agus ionad, íoctha le tríocha a dó cuideachta bus áitiúil difriúil chun mic léinn a thabhairt chuig cluichí agus imeachtaí scoile eile. Reáchtáladh próiseas tairisceana i rith 2020, agus bhí na conarthaí i bhfeidhm ón 1 Nollaig, 2020. Beidh an réimse seo go hiomlán comhlíontach in 2021.
- (ii) Caiteachas luach €424,130, idir Eanáir agus Samhain 2020, i gcomhair Chothabháil TFC i ngach scoil agus ionad, íoctha le cuideachta áitiúil amháin. Reáchtáladh próiseas tairisceana i rith 2020, agus tháinig Conradh nua i bhfeidhm ón 8 Feabhra, 2021. Tá an réimse seo go hiomlán comhlíontach ó 8 Feabhra 2021.
- (iii) Caiteachas luach €132,242, idir Eanáir agus Nollaig 2020, i gcomhair Soláthairtí Gruaige agus Scéimhe don Chlár Printíseachta Gruagaireachta, íoctha le 14 cuideachta. Tá BOOLC páirteach i bhfreagairt earnálach trí Fhóram Soláthair BOOÉ chun próiseas tairisceana a chur i bhfeidhm a fhreastalóidh ar riachtanais gach BOO agus a chinnteoidh go mbeidh na ceanglais Soláthair Phoiblí á gcomhlíonadh ina n-iomláine.

Sárúithe ar an gcóras um rialú inmheánach - Soláthar (ar lean)

(iv) Caiteachas luach €246,032, idir Eanáir agus Nollaig 2020, i gcomhair soláthair uirlisí agus ábhar ranga do na Cláir Phrintíseachta Leictreacha, íoctha le 16 chuideachta. Reáchtáil BOOLC comórtas tairisceana in 2020 i gcomhair Tomhaltán Leictreach. Ní bhfuarthas aon tairiscint bhailí. Tá sé beartaithe díriú ar an margadh an athuair. Tá moill á cur againn ar reáchtáil an chomórtais seo faoi láthair de bhrí nach mór do roinnt pearsanra próiseas faofa agus próiseas a bhaineann le táirgí samplacha a chur i gcrích agus nach féidir é seo a dhéanamh mar gheall ar na srianta atá i bhfeidhm faoi láthair.

(v) Caiteachas luach €77,737, idir Eanáir agus Nollaig 2020, i gcomhair ábhar Ranga don Chláir Printíseachta Cuisniúcháin, íoctha le 4 chuideachta. I láthair na huairé, tá doiciméid tairisceana á n-ullmhú ag BOOLC agus tá sé beartaithe díriú ar an margadh faoi Ráithe 3 agus a bheith go hiomlán comhlíontach faoi dheireadh 2021.

(vi) Caiteachas de €222,211, idir Eanáir agus Nollaig 2020, i gcomhair Seirbhísí Priontála ar fud na heagraíochta, íoctha le 26 chuideachta. Tá BOOLC ag feitheamh don chéad ghlúin eile den Chreat Bainistíochta Priontála agus tá faisnéis curtha ar fáil aige maidir lenár riachtanais chun cabhrú leis an bpróiseas. Tá an próiseas seo á chomhordú ag an Oifig um Sholáthar Rialtais i gcomhar le comhlachtaí seirbhíse poiblí eile.

(vii) Caiteachas de €78,267, idir Iúil agus Nollaig 2020, i gcomhair Soláthairtí Stáiseanóireachta ar fud na heagraíochta, íoctha le 1 chuideachta. Bhí BOOLC ag tarraingt síos an Chonartha do Sholáthairtí Stáiseanóireachta ó Chreat OSR. Chuaigh an conradh seo in éag ar an 24 Iúil, 2020. Moladh do BOOLC gan tairiscint eile a lorg de bhrí go mbeadh an chéad ghlúin eile den Chonradh Stáiseanóireachta ar fáil. Bhí an conradh nua ar fáil ar an 16 Nollaig, 2020.

(viii) Caiteachas de €75,726, idir Eanáir agus Nollaig 2020, i gcomhair Oibreacha Tógála ar fud na heagraíochta, íoctha le 1 chuideachta. Ghlac 8 Scoil agus nlonad páirt sna seirbhísí ach sáraíonn an luach carnach i ngach suíomh na Tairseacha tairisceana Náisiúnta/AE.

Sárúithe ar an gcóras um rialú inmheánach - Soláthar Covid19

(i) Caiteachas de €162,087 i gcomhair Scáileán Peirspéacs, íoctha le 9 gcuideachta agus caiteachas de €37,035 i gcomhair Ríomhairí Glúine/Chromebook íoctha le 1 chuideachta idir Lúnasa agus Nollaig 2020. Ní raibh na soláthraithe a bhí luaite ar an gcreat in ann riachtanais BOOLC a chomhlíonadh rud a chiallaigh go raibh orainn déileáil le soláthraithe a bhí in ann ár riachtanais a chomhlíonadh laistigh d'amfráma gearr chun a chinntiú go bhféadfaí Scoileanna agus Ionaid a athoscailt go sábháilte de réir threoirínte an Rialtais.

Tá Plean Soláthair Chorparáidigh forbartha ag BOOLC do 2019-2021 ina leagtar amach gníomhartha chun dul i ngleic le réimsí inar aithníodh neamhchomhlíonadh agus le riachtanais soláthair eile BOOLC. Leanfaidh BOOLC le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar gach réimse caiteachais chun deiseanna a aithint lena dtabharfaidh an próiseas tairisceana agus úsáid Creatáí Náisiúnta d'earraí agus seirbhísí atá i bhfeidhm cheana luach a chuid airgid dó agus a chabhróidh leis ceanglais chomhlíontachta a chomhlíonadh.

Calaois

Níor tuairiscíodh aon teagmhas faoi Bheartas Calaoise Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir in 2020.

Nochtuithe Cosanta

Níor cuireadh aon nochtadh cosanta in 2020 faoi bhráid Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir faoi Acht um Nochtadh Cosanta, 2014.


Bainistíocht riosca


Tá Clár Bainistíochta Riosca Corparáideach i bhfeidhm ag BOOLC ar fud na heagraíochta. Rinneadh athbhreithniú ar an gClár Rioscaí ag gach cruinniú den Choiste Iniúchta & Riosca in 2020 agus tá an Coiste ag leanúint ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt Chláir Bainistíochta Riosca Straitéisí BOOLC.

Saincheisteanna a bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ina leith ag Leibhéal na hearnála

1. Soláthraithe Oiliúna Speisialaithe (“SOSanna”)

I mí Eanáir 2020 d'fhoilsigh II-BOONa Tuarascáil Earnálacha i ndiaidh críoch a chur le Tuarascálacha Iniúchta SOS. Mar is léir ón tuarascáil seo, féadfar glacadh leis go bhfuil ionchur ó SOLAS agus ón ROS oiriúnach agus tairbheach chun cabhrú leis na torthaí seo a leanas a réiteach:

 Próiseas soláthair chun SOSanna a roghnú

 Deis a thabhairt do SOSanna caiteachas agus liúntais a éileamh

2. TFC

Tá Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse earnálacha ginearálta forbartha ag BOOÉ agus tá cead ag gach BOO iad a úsáid. Ina theannta sin, tá roinnt Beartas TFC curtha i gcrích.

Sárúithe ar an gcóras um rialú inmheánach – Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí

Ceanglaíonn Imlitir 11/2014 ar BOOana ráitis agus ríomhanna sochar a chur ar fáil do bhaill de Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí roimh dheireadh mhí an Mheithimh 2014. Níor chomhlíon BOOLC a dhualgais maidir le ráitis bhliantúla pinsin a chur ar fáil do gach ball de Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí in 2020. Mhol an Feidhmeannas go bhfuil BOOLC thart ar 80% comhlíontach chomh fada is a bhaineann le ráitis phinsin a eisiúint don fhoireann ag deireadh 2020. Tá obair á déanamh ag BOOLC chun a chinntiú go mbeidh sé 100% comhlíontach faoi dheireadh 2021. Is saincheist í seo a bhaineann leis an earnáil BOO trí chéile agus táthar ag díriú air seo ag leibhéal náisiúnta.

Paindéim Covid-19

Rinneadh measúnuithe ar thionchar Covid-19 agus seo thíos na torthaí:

- Plean Leanúnachais Gnó forbartha agus curtha i bhfeidhm i mí an Mhárta 2020.
- Monatóireacht rialta agus mhinic á déanamh ar an PLG ag an bPríomhfheidhmeannach, Stiúrthóirí agus foireann Bhainistíochta ag gach leibhéal.
- Glacadh leis an PLG ag an am céanna le Leibhéal Ábhartha na Paindéime 1-5, de réir threoir ón Rialtas.
- Cumarsáid oiriúnach idir an Príomhfheidhmeannach, Stiúrthóirí agus Bainisteoirí Líne agus foireann, mic léinn, foghlaimeoirí agus an pobal.
- Tá timpeallacht rialaithe chuí ann.
- Tá Próisis Bainistíochta Riosca ann chun rioscaí gnó a aithint agus chun a n-impleachtaí airgeadais a mheas.
- Tháinig claochlú ar chórais faisnéise agus chumarsáide chun freastal ar na riachtanais a d'eascair as COVID-19.
- Tá gníomhaíochtaí agus nósanna imeachta rialaithe cuí i bhfeidhm chun dul i ngleic leis na mór-rioscaí.
- Tá forbairt déanta ar nósanna imeachta monatóireachta agus maoirseachta chun éifeachtacht na rialuithe a chinntiú.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Tá BOOLC tiomanta do chóras um rialú inmheánach atá éifeachtúil, éifeachtach agus eacnamaíoch a úsáid. Deimhním go ndearna an Coiste Iniúchta & Riosca, ag an gcruinniú a reáchtáladh ar an 22 Feabhra 2021, athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020, ar an mbealach a fhorordaítear sa Chód Cleachtas do Rialachas Bord Oideachais & Oiliúna.

Áiríodh leis seo

• Fuair an Coiste Iniúchta dearbhú ón bPríomhfheidhmeannach go bhfuil an córas um rialú inmheánach oiriúnach agus cuí a mhéid is indéanta. Bhunaigh an Príomhfheidhmeannach an ráiteas seo ar fhaisnéis bailithe ó bhainisteoirí sinsearach a fud na heagraíochta.

• Athbhreithniú ar thuarascálacha ar iniúchadh inmheánach agus seachtrach a eisíodh in 2020 agus go dtí seo in 2021, cruinniú le hionadaithe ó ARC&C agus II-BOO, mar aon le scrúdú ar mhiontuairiscí chruinnithe an Bhoird agus an Choiste Airgeadais chun a chinntiú nach bhfuil siad ar neamhréir leis an measúnú ar rialú inmheánach a cuireadh ar fáil don Choiste Iniúchta agus Riosca i dtuarascálacha ar Iniúchadh Inmheánach agus i Léirithe na Foirne Bainistíochta.

• Chuir an Coiste Iniúchta tuarascáil ar athbhreithniú rialuithe faoi bhráid an Bhoird ar an 23 Márta 2021.

• Athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí Rialachais agus Rialaithe in 2020 lena n-áirítear:

- Rannpháirtíocht idir an Coiste Iniúchta agus Riosca, an Coiste Airgeadais, an Bord agus an feidhmeannas
- Tuarascálacha ón bPríomhfheidhmeannach, Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha na hEagraíochta (TFE), Stiúrthóir na Scoileanna agus an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna (BO) don Bhord
- Tuarascálacha ón bPríomhfheidhmeannach, Stiúrthóir TFE, Stiúrthóir BO, an Ceannasaí Airgeadais, an Ceannasaí Acmhainní Daonna agus an Ceannasaí Seirbhísí Corparáideacha don Choiste Iniúchta agus Riosca
- Moltaí déanta ag an ARC & C i litreacha bainistíochta nó i dtuarascálacha eile
- Moltaí déanta ag an Aonad Iniúchta Inmheánaigh
- Tuarascálacha Bainistíochta Riosca ó STFE agus ón Oifigeach Comhlíontachta
- An Clár Rioscaí, a choinnítear cothrom le dáta agus a chuirtear faoi bhráid an Choiste Iniúchta ar bhonn rialta

D'athbhreithnigh agus d'fhaomh an Bord an ráiteas seo ag an gcruinniú a reáchtáladh ar an 23 Márta 2021.

Cathaoirleach: An Comhairleoir Kieran O'Hanlon

Síniú:

Dáta:

22 Márta, 2022



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil atá le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Bord Oiliúna agus Oideachais Luimnigh agus an Chláir

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Bhord Oiliúna agus Oideachais Luimnigh agus an Chláir don bhliain dar críoch an 31 Nollag 2020 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha Acht um Bord Oideachais agus Oiliúna, 2013. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas faoi na beartais chuntasáíochta
- an ráiteas oibriúcháin
- an ráiteas ar shócmhainní reatha agus ar dhliteanais reatha, agus
- na nótaí gaolmhara.

I mo thuairim,

- cuireann na ráitis airgeadais ioncam agus speansais an Bhoird i láthair mar is ceart don mbliain 2020 agus gnóthaí an Bhoird ar an 31 Nollag 2020, agus
- tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na beartais chuntasáíochta atá leagtha síos ag an Aire Oideachais.

Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (CIIInna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Tá mé ag feidhmiú neamhspleách ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus tá mo chuid freagrachtaí eitiúla eile á gcomhlíonadh agam de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá faighte agam chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an Bord faisnéis eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Is éard atá i gceist anseo an ráiteas ar fhreagrachtaí an Bhoird, an ráiteas ar an gcóras rialaithe inmheánach agus sceideal gníomhaíochtaí agus costais phá. Déantar cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí tuairisciú a dhéanamh i ndáil lena leithéid d'fhaisnéis agus tuairisciú a dhéanamh i ndáil le hábhair eile ar bhonn eisceachta.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Nochtar sa ráiteas ar rialú inmheánach gur thabhaigh an Bord caiteachas suntasach sa bhliain 2020 nuair nár chloígh na nósanna imeachta a leanadh le treoirlínte soláthair phoiblí. Chomh maith leis sin, leagtar amach sa ráiteas na céimeanna atá curtha i gcrích nó atá beartaithe ag an mBord a chur i gcrích chun déileáil leis an ábhar seo.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Márta 2022

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

Freagrachtaí na gComhaltaí Boird

Mar atá sonraithe sa ráiteas ar fhreagrachtaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as an méid seo a leanas

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm atá forordaithe faoi alt 51 d'Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013
- leabhair chuntais iomchuí a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta ag aon tráth staid airgeadais an Bhoird
- ráthaíocht a dhéanamh ar shócmhainní an Bhoird agus céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a stopadh agus a aimsiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm, faoi fhorálacha Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Bhoird Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus tuairisciú maidir leo do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-íomláine saor ó mhíríteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh arna dhéanamh de réir na gCllna míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dá leithéid. D'fhéadfadh míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ina n-aonar nó ina n-íomláine, go bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCllanna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim amhras gairmiúil ar feadh an iniúchta. Tríd an méid sin a dhéanamh,

- Aithním agus déanaim measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a dhéanamh ar na ráitis airgeadais cibé acu an bhféadfadh nó nach bhféadfadh a leithéid tarlú de bharr calaoise nó earráide; dearaim agus cuirim i gcrích nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus oiriúnach chun bunús a sholáthar do mo thuairim. Tá an riosca nach mbraithfear míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaos níos airde ná an riosca a eascraíonn as earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach is cuí don iniúchadh chun nósanna imeachta a dhearadh atá oiriúnach sna himthosca, ach ní chun críche tuairim a thabhairt maidir le héifeachtacht na Rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaióchta a úsáideadh agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaióchta agus nochtuithe gaolmhara.

- Tugaim breithiúnas maidir le cibé acu an léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais, i gceart, ioncam agus caiteachas an Bhoird, agus cibé acu an léiríonn nó nach léiríonn an ráiteas iarmhéideanna, arna léiriú sa ráiteas ar shócmhainní reatha agus dlíteanais reatha, staid ghnóthaí an Bhoird.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar iomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cibé acu an léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus teagmhais bhunúsacha ar bhealach a chinntíonn go bhfuil an cur i láthair cóir.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas maidir le, i measc nithe eile, scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnamh suntasach sa rialú inmheánach a shainnínm i rith m'iniúchta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chléadaítear i mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim aon chonclúid dearbhaithe in iúl ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Cllna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, le linn dom é sin a dhéanamh, a bhreithniú cibé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó más dealraitheach ar shlí eile go bhfuil míráiteas ábhartha ann. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go gcinnim go bhfuil míráiteas ábhartha ag baint leis an bhfaisnéis eile seo, ceanglaítear orm an fhíríc sin a thuairisciú.

Nithe eile a thuairisciú

Cuirtear m'iniúchadh i gcrích trí thagairt a dhéanamh do na breithnithe speisialta a bhaineann le bainistiú agus feidhmiú comhlachtaí Stáit. Tuairiscím má shainnínm nithe ábhartha a bhaineann leis an mbealach ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má aithním aon chás ábhartha nuair nár úsáideadh airgead poiblí chun na gcríoch a bhí beartaithe dó nó nuair nár chloígh idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin, ar bhonn eisceachta, má tá an méid seo a leanas i gceist, de réir mo thuairime,

- Níl an Fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaíonn uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh faighte agam, nó
- níl na taifid chuntasaíochta oiriúnach chun cead a thabhairt dom iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais go héasca agus i gceart, nó
- níl na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh & an Chláir

Ráitis Airgeadais - An Bhliain dár Críoch 31 Nollag 2020

Gníomhaíochtaí agus Costais Phá

1 Príomhghníomhaíocht

Soláthraíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh & an Chláir cúrsaí Oideachais agus Oiliúna ar fud Chathair Luimnigh agus Chontae Luimnigh agus an Chláir mar atá léirithe thíos:

Seirbhís	An Líon Suíomhanna*	An Líon Rannpháirtithe**	Líon na dTairbhíthe***
Leibhéal Bunscoile	3	209	
Scoil Cheoil Luimnigh	1	678*	
Dara Leibhéal	19	8,785**	-
Breisoideachas	20		15,064
Oiliúint	3		3,424
Ranganna Oíche / Páirtaimseartha	5		5,369

* ag tagairt do láithreacha atá i seilbh nó ar léas ag an mBord Oideachais agus Oiliúna.

** Don leibhéal bunscoile agus dara leibhéal is bunaithe ar rollú na bliana acadúla atá sé seo. Do BO agus ranganna páirtaimseartha / ranganna oíche is bunaithe ar na rolluithe aonair sa bhliain féilire atá sé seo.

*** Tagraíonn tairbhíthe don líon iomlán áiteanna ar baineadh tairbhe astu sa bhliain. Ríomhtar é seo tríd an líon rolluithe ar an 1 Eanáir agus gach rollú ina dhiaidh sin i rith na bliana a shuimiú.

2 Seirbhísí Eile

Feidhmíonn an Bord mar Ghníomhaire freisin agus reáchtálann sé Tionscadail Fhéinmhaoinitheacha.

Baineann clár a chur ar siúl ar son eagraíochtaí eile nó scoláirí leis an obair gníomhaireachta, de réir critéar réamhshocraithe agus tugtar an t-airgead ar ais don mBord.

Cláir is ea Tionscadail Fhéinmhaoinitheacha a reáchtáiltear faoi rialú iomlán an Bhoird, thar ceann an Bhoird nó eagraíochtaí eile.

3 Costais Phá

Is é an pá an príomhchostas atá ar an mBord agus léirítear sa tábla seo a leanas na raonta pá agus líon na bhfostaithe i ngach raon:

Raon pá	Líon na bhFostaithe	Costas in 2020* €
0 - 59,999	1,829	41,805,750
60,000 - 69,999	284	18,662,267
70,000 - 79,999	274	20,388,302
80,000 - 89,999	96	8,045,219
90,000 - 99,999	27	2,598,961
100,000 - 109,999	14	1,470,120
110,000 - 119,999	11	1,261,162
120,000 - 129,999	6	735,899
130,000 - 139,999	-	-
140,000 - 149,999	1	141,220
Iomlán:	2,542	95,108,900



* Tá ÁSPC an fhostóra san áireamh i gcostas 2020.

Ní dhéanann an Bord Oideachais agus Oiliúna ranníocaíochtaí phinsin ar son na bhfostaithe. Ó bhí 2013 ann is gá do gach fostaí nua ballraíocht a ghlacadh sa Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair.

Ón 1 Eanáir 2019 ar aghaidh, íocann baill de scéimeanna pinsin sochair shainithe na seirbhíse poiblí ranníocaíocht bhreise aoisliúntais (RBA) ag eascairt ó Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (2018-2020) agus ó Acht um Pá agus Pinsin na Seirbhíse Poiblí, 2017. Is ranníocaíocht bhuan í RBA a dhéantar i ndáil luach saothair inphinsin. D'asbhain BOOLC Ranníocaíochtaí Breise Aoisliúntais ó fhostaithe, luach €2,781,999, a íocadh leis an Roinn Oideachais.

Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

Ráiteas Oibriúcháin don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2020

	Tabhair faoi deara	An Bhliain Dar Críoch 31/12/2020	An Bhliain Dar Críoch 31/12/2019
FÁLTAIS		€	€
Deontais Iar-bhunscoile & Cheannoifige	2	71,303,647	75,349,778
Deontais Bhunscoile	3	111,633	90,039
Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna	4	67,187,670	57,276,654
Deontais i leith Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn	5	-	-
Deontais do Sheirbhísí don Aos Óg	6	3,941,399	3,105,734
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Fhéinmhaoinitheacha	7	5,286,572	7,071,521
Caipiteal	8	29,871,445	19,506,810
		<u>177,702,366</u>	<u>162,400,536</u>
ÍOCAÍOCHTAÍ			
Iar-bhunscoileanna & Ceannoifig	9	70,903,556	75,262,084
Bunscoil	10	106,871	56,025
Breisoideachas agus Oiliúint	11	62,771,717	55,573,627
Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn	12	-	-
Seirbhísí don Aos Óg	13	3,916,362	3,042,182
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Fhéinmhaoinitheacha	7	5,523,807	7,085,999
Caipiteal	8	26,143,782	18,970,805
		<u>169,366,095</u>	<u>159,990,722</u>
Barrachas / (Easnamh) Airgid don Bhliain		<u>8,336,271</u>	<u>2,409,814</u>
Gluaiseacht i nGlansócmhainní Reatha Eile	24	<u>(7,578,778)</u>	<u>(2,548,912)</u>
Barrachas/(Easnamh) Ioncaim Fabhráithe don Bhliain		757,493	(139,098)
Barrachas / (Easnamh) Ioncaim ag an 1 Eanáir		35,149	174,247
Barrachas / (Easnamh) Ioncaim ar an 31 Nollaig	15	<u>792,642</u>	<u>35,149</u>
Sínithe		Sínithe	
			
An Comhairleoir Kieran O'Hanlon Cathaoirleach		George O'Callaghan Príomhfheidhmeannach	
22 Márta 2022		22 Márta 2022	

Glactar leis na nótaí ar leathanach 9 - 26 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo

Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

Ráiteas ar Shócmhainní agus ar Dhliteanais Reatha amhail ar an 31 Nollag 2020


	Tabhair faoi deara	31/12/2020 €	31/12/2019 €
Sócmhainní Reatha			
Deontais Athfhillteacha Stáit	16	4,083,710	1,422,226
Deontais Chaipitil Stáit	17	1,340,370	1,168,326
Ioncam Athfhillteach Eile	18	2,272	-
Féichiúnaithe Tríú Páirtí	19	431,284	437,214
Iarmhéid Bainc		<u>22,099,435</u>	<u>13,763,164</u>
		<u>27,957,071</u>	<u>16,790,930</u>
Dlíteanais Reatha			
Deontais Athfhillteacha Stáit	20	8,230,780	4,314,451
Deontais Chaipitil Stáit	21	7,989,174	5,710,791
Ioncam Athfhillteach Eile	22	2,153,372	2,341,520
Dlíteanais Phá agus Speansas	23	8,791,103	4,389,019
		<u>27,164,429</u>	<u>16,755,781</u>
Glansócmhainní / (Dlíteanais) reatha		<u>792,642</u>	<u>35,149</u>
Arna Ionadú Ag			
Barrachas / (Easnamh) Ioncaim	15	<u>792,642</u>	<u>35,149</u>
Fabhrú			
Anailís ar an mBarrachas / (Easnamh) Ioncaim	15	Barrachas/ (Easnamh) Coinnithe	Barrachas/ (Easnamh) Ioncaim
		31/12/2020	I gcomhair 2020
		€	€
Clár		€	€
Scoileanna agus Ceannoifig		357,118	444,457
Cláir Fhéinmhaoinitheacha		435,524	313,036
		<u>792,642</u>	<u>757,493</u>
			<u>31,149</u>

Sínithe


 An Comhairleoir Kieran O'Hanlon
 Cathaoirleach

22 Márta 2022

Sínithe


 George O'Callaghan
 Príomhfheidhmeannach

22 Márta 2022

Glactar leis na nótaí ar leathanach 9 - 26 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo

Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

Ráitis Airgeadais - An Bhliain dár Críoch 31 Nollag 2020

1 Beartais Chuntasaíochta

Bunú an Bhoird Oideachais agus Oiliúna

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir (BOOLC) ar an 1 Iúil 2013 agus leagtar síos na feidhmeanna atá ag an mBord in Alt 10 d'Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Glacadh le 3 Scoil Náisiúnta Pobail faoi Phátrúnacht BOOLC ag tús na bliana acadúla 2020/2021.

Beartais Chuntasaíochta Shuntasacha

(a) Bonn an Chuir i Láthair

Tá na ráitis airgeadais á gcur i láthair san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna, le toiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. San áireamh iontu tá Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta, Ráiteas Oibríocháin, Ráiteas faoi na Sócmhainní Reatha agus Dlíteanais Reatha agus nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Más gá, luaitear na figiúirí comparáideacha don bhliain roimhe sin ar an mbonn céanna leis na figiúirí don bhliain reatha.

(b) Aitheantas Ioncaim, Speansais, Sócmhainní agus Dlíteanais

Cuirtear i láthair sa Ráiteas Oibríocháin Fáltais agus Íocaíochtaí de réir Ghrúpáil na gClár agus déantar an Barrachas/(Easnamh) Airgid dá bharr a choigeartú i leith gluaiseachtaí féichiúnaithe agus creidiúnaithe eile chun an toradh foriomlán a chinneadh don tréimhse ar bhonn fabhráithe.

Ullmhaítear an Ráiteas faoi Shócmhainní Reatha agus Dlíteanais Reatha ar bhonn fabhráithe trí chinneadh a dhéanamh maidir le deontas stáit agus iarmhéideanna maoinitheora eile ag méideanna a léiríonn na fáltais ghaolmhara a fuarthas agus an caiteachas tabhaithe de réir na rialacha maoinithe.

Tá Féichiúnaithe Tríú Páirtí san áireamh sna Sócmhainní Reatha. Tá Dlíteanais Phá agus Chostais san áireamh sna Dlíteanais Reatha.

(c) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Caitear gach sócmhainn ceannaithe, talamh agus foirgnimh, daingneáin agus feistis, agus trealamh oiliúna sa bhliain ina gceannaítear iad. Aithnítear deontais stáit chun ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe a mhaoiniú sa bhliain chéanna.

(d) Stoic

Glactar le gach stoc intomhalta a cheannaítear mar stoc ceannaithe.

(e) Aoisliúntas

Deonaítear teidlíochtaí pinsin fhoireann BOO, lena n-áirítear iad siúd a aistrítear ó SOLAS, faoi scéimeanna le sochar sainithe. Tá baill foirne atá fostaithe ó 2013 san áireamh i Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí agus déantar íocaíochtaí míosúla leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Coimeádann an BOO asbhaintí aoisliúntais ó fhostaithe i ndáil leis na scéimeanna seo mar chuid de mhaoiniú comhaontaithe Stáitchiste, nó íoctar a leithéid leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gcás Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí

Ní dhéanann an BOO aon ranníocaíocht i ndáil leis na scéimeanna seo.

Tá na scéimeanna neamh-mhaoinithe seo á bhfeidhmiú ar bhonn 'íoc mar a úsáidtear' agus íocann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte na teidlíochtaí bliantúla pinsin thar ceann an BOO. Tá BOONa freagrach as a bpinsin a riar. Cuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna na cistí pinsin ar fáil.

Níl foráil déanta sna ráitis airgeadais do chostas reatha na sochar todhcháioch atá fabhráithe faoi na scéimeanna seo do bhaill foirne reatha nó do phinsinéirí reatha.

(f) Léasanna ar cíos

Caitear le gach cíos léasa mar chaiteachas de réir mar a thabhaítear é.

Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais - An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2020

	An bhliain dar críoch 31/12/2020 €	An bhliain dar críoch 31/12/2019 €
2 Fáltais Iar-bhunscoileanna & Cheannoifige		
An Roinn Oideachais		
Pá	63,655,983	68,535,135
Neamhphá	3,538,614	3,312,935
Cláir Ghaolmhara	2,618,571	1,602,687
An Roinn Oideachais – fo-iomlán	69,813,168	73,450,757
Táillí teagaisc - Mic léinn	697,208	856,666
Comhlachtaí Poiblí Éireannacha	82,606	109,939
Banc	-	-
Eile	710,665	932,416
	71,303,647	75,349,778
3 Fáltais Bunscoile		
An Roinn Oideachais	105,005	90,039
Eile	6,628	-
	111,633	90,039
4 Fáltais Bhreisoideachais agus Oiliúna		
SOLAS	67,103,259	57,147,195
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta	84,411	129,459
Mic léinn	-	-
Eile	-	-
	67,187,670	57,276,654
5 Fáltais i Leith Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn		
An Roinn Oideachais	-	-
6 Fáltais Sheirbhísí don Aos Óg		
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige	3,640,417	2,856,252
An Roinn Sláinte	147,982	147,982
An Roinn Oideachais	100,000	100,000
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán	50,000	-
Fóram Drugaí & Alcóil Réigiúnach an Mheán-Iarthair	3,000	1,500
Eile	-	-
	3,941,399	3,105,734

Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais - An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2020

7 GNÍOMHAIREACHTAÍ agus TIONSCADAIL FHÉINMHAOINITEACHA

GNÍOMHAIREACHTAÍ		An Bhliain dar Críoch 31/12/2020				An Bhliain dar Críoch 31/12/2019		
		FÁLTAIS	ÍOCAÍOCHTAÍ		Iomlán	FÁLTAIS	ÍOCAÍOCHTAÍ	
Mír	Tionscadal	Roinn/Maoinitheoir Urraithe	€	Pá €	Neamhphá €	€	€	€
1	Glúin an Cheoil Chathair Luimnigh & an Chláir	Glúin an Cheoil na hÉireann/Cistiú Meaitseála/An Chomhairle Ealaíon	1,045,654	613,798	256,005	869,803	1,016,293	977,646
2	Béilí Scoile	An Roinn Coimirce Sóisialaí	609,012	-	555,880	555,880	476,988	478,269
3	Socrúithe Árachais	Árachas Comhlachtaí Poiblí na hÉireann	324,684	-	286,021	286,021	83,373	63,213
4	Clár Críochnaithe Scoiliaochta	Tusla	269,959	239,920	25,236	265,156	292,802	233,017
5	Scileanna Fáilteachais (Neamhphá)	Athnuachan (Comhairle Luimnigh)	200,000	-	154,060	154,060	200,000	302,690
6	Tionscadail Eorpacha	Léargas	183,258	326	54,666	54,992	52,850	95,623
7	Forchúiteamh Tuarastail/lasacht foirne	BOOÉ/SOLAS	84,052	81,590	1,356	82,946	83,236	103,607
8	Teiripeoirí Ealaíne FSS	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	63,566	63,566	-	63,566	63,566	63,566
9	An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (CTIL)	An Roinn Leanai, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige	50,000	108,151	8,746	116,897	75,525	3,154
	Gníomhaireacht Eile - Líon = 18	Eile	61,427	92,717	51,690	144,407	498,802	434,695
			2,891,612	1,200,068	1,393,660	2,593,728	2,843,435	2,755,480
TIONSCADAIL FHÉINMHAOINITEACHA								
1	Tobhaigh/Táilli/Tabhartais Scoile	Tuismitheoirí/Mic Léinn	1,481,838	199,141	1,524,118	1,723,259	2,713,096	2,781,314
2	Club Oibre Baile/Club Staidéir	Tuismitheoirí/Mic Léinn	127,029	139,677	-	139,677	306,080	274,410
3	Láirionaid Oideachais Lasmuigh	An Roinn Oideachais	410,860					
		Triú Páirtí	<u>135,644</u>	742,180	92,853	835,033	959,252	974,139
4	Táillí Scrúdaithe Triú Páirtí	Tuismitheoirí/Mic Léinn	191,845	933	163,022	163,955	153,056	166,967
	Tionscadail Fhéinmhaoinitheacha eile - 2 cheann acu	Tuismitheoirí/Mic Léinn	47,744	-	68,155	68,155	96,602	133,689
			2,394,960	1,081,931	1,848,148	2,930,079	4,228,086	4,330,519
Iomlán			5,286,572	2,281,999	3,241,808	5,523,807	7,071,521	7,085,999

* Is éard atá i gceist le hobair gníomhaireachta clár a reáchtáil thar ceann eagraíochta eile nó mac léinn de réir critéar comhaontaithe agus aisíoctar an costas a bhaineann lena leithéid leis an mBord.

Cláir is ea Tionscadail Fhéinmhaoinitheacha a reáchtáiltear faoi rialú iomlán an Bhoird, thar ceann an Bhoird nó eagraíochtaí eile.

Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais - An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2020

8 CAIPITEAL		An Bhliain Dar Críoch 31/12/2020	An Bhliain Dar Críoch 31/12/2019
		€	€
Fáltais			
An Roinn Oideachais		28,154,698	18,573,865
SOLAS		1,306,040	760,000
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán		92,525	-
Eile		13,586	-
Féinmhaoinitheach		304,596	172,945
		<u>29,871,445</u>	<u>19,506,810</u>
Íocaíochtaí			
Saoráid	Cineál Caiteachais		
Scoil Nua			
Coláiste Chiaráin, Cromadh, Luimneach	Oibreacha Tógála	8,651,099	10,367,960
Coláiste Pobail Mhungairit	Céim Phleanála Déabhlóidithe	509,196	212,173
Gaelcholáiste Luimnigh	Céim Phleanála Déabhlóidithe	152,563	-
Sínte agus Mionoibreacha Tógála			
Coláiste Pobail na hInse, An Clár	Síneadh	2,457,900	667,405
Mionoibreacha Covid-19	Mionoibreacha	667,369	-
Cill an Dísirt	SLS (SWS)	488,077	-
Coláiste Pobail Naomh Anna, An Clár	Síneadh	321,469	2,269,665
Gaelcholáiste Luimnigh	Oibreacha Éigeandála Dóiteáin	263,146	-
Scoil Náisiúnta Mhóin an Lín, Caladh an Treoigh, Co. Luimnigh	Oibreacha Tógála	180,438	119,856
Coláiste Iósaif, Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh	Síneadh	140,942	3,558
Oibreacha Tógála ag Teach Marshal	Oibreacha Tógála	114,974	432,660
Oibreacha eile - Líon = 16	Mionoibreacha Tógála	534,369	626,505
Tionscadail Éifeachtúlachta Fuinnimh			
Éifeachtúlacht Fuinnimh	Fuinneamh	5,988,619	1,473,850
Troscán agus Trealamh			
Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh	Troscán	231,333	-
Coláiste Pobail Mhungairit	Troscán	113,303	92,196
Eile - Líon = 8	Troscán	108,205	388,597
Trealamh TFC			
Iar-bhunscoileanna	Trealamh TF Síntí Scoile	445,267	473,094
Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh	Trealamh TF Síntí Scoile	156,989	-
Eile - Líon = 6	Trealamh TF Síntí Scoile	52,484	52,580
Breisoideachas & Oiliúint - SOLAS			
	Foirgnimh & Trealamh	1,253,942	472,312
Cóiríocht Shealadach			
Coláiste Pobail Mhungairit*	Cóiríocht Shealadach	2,755,480	595,894
Gaelcholáiste Luimnigh	Cóiríocht Shealadach	361,443	361,888
Mol an Óige	Cóiríocht Shealadach	117,526	22,070
Eile - Líon = 5	Cóiríocht Shealadach	77,649	81,227
Ceannach Suímh			
Eile - Líon = 2		-	257,315
		<u>26,143,782</u>	<u>18,970,805</u>

* San áireamh thuas tá suim de €2.4m, ranníocaíocht a íocadh le Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh le haghaidh athchóiriú Sheancholáiste

Mhungairit, réadmhaoín de chuid na comhairle. Úsáideadh an ranníocaíocht seo chun 23 seomra ranga breise a chur ar fáil agus saoráidí riachtanacha, lena n-áirítear leithris do mhic léinn, láthair fáiltithe agus oifigí. Faoi chomhaontú ceadúnais, leis an gComhairle, tá cead ag BOO Luimnigh agus an Chláir an t-áitreabh athchóirithe a úsáid don tréimhse 2020 -2023. Le héifeacht ó 2023, tabharfar an t-áitreabh ar ais don Chomhairle.

Rinne BOO Luimnigh agus an Chláir anailís costais is tairbhe inar nochtadh go mbeadh ar an BOO E2.4m a íoc le haghaidh rogha mhalartach seachas an rogha thuas, lena n-áirítear aonaid réamhdhéanta bhreise a chur ar fáil. D'fhaomh an Roinn an comhaontú. Lena chois sin, tá 22 seomra ranga agus leithris ar cíos ag BOOLC, i bhfoirm cóiríocht réamhdhéanta shealadach, ó thríú páirtithe atá lonnaithe ar na tailte ach tá an cíos talún tarscaoilte ag an gcomhairle le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2020. I gcountais 2020 tá costas bliantúil na n-aonad réamhdhéanta cothrom le €331,033.

Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais - An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2020

9	Íocaíochtaí Iar-bhunscoileanna & Ceannoifige	An Bhliain dar Críoch 31/12/2020			An Bhliain Dar Críoch 31/12/2019
		Pá €	Neamhphá €	Iomlán €	Iomlán €
	PÁ				
	Teagasc	58,047,285	-	58,047,285	62,921,086
	Riarachán	4,160,446	-	4,160,446	3,956,742
	Cothabháil	1,633,468	-	1,633,468	1,494,068
		<u>63,841,199</u>	<u>-</u>	<u>63,841,199</u>	<u>68,371,896</u>
	NEAMHPHÁ				
	Teagasc	-	748,784	748,784	920,136
	Riarachán	-	1,762,987	1,762,987	1,900,151
	Cothabháil	-	1,312,016	1,312,016	1,441,066
		<u>-</u>	<u>3,823,787</u>	<u>3,823,787</u>	<u>4,261,353</u>
	CLÁIR GHAOLMHARA				
	Ciste Tacaíochta Seirbhísí Scoile	148,160	717,536	865,696	963,480
	Deontas Leabhar - Mic Léinn atá ar an nGannchuid	-	562,445	562,445	554,794
	Deontas do Dhíghalráin agus Trealamh Cosanta Pearsanta Covid-19	-	370,539	370,539	-
	Deontas na hIdirbhliana	1,613	342,399	344,012	588,893
	Deontas d'Fheitheoireacht Fheabhsaithe Covid-19	279,988	-	279,988	-
	Maoiniú DEIS	11,288	154,834	166,122	148,467
	Tobhach Rialtais CIA	2,985	111,861	114,846	112,318
	Deontas TFC	-	90,017	90,017	-
	Deontas Tacaíochta do Ghlantachán Covid-19	54,956	34,317	89,273	-
	Deontas Caipitíochta an Lucht Siúil	-	68,609	68,609	34,647
